



Cásanna Uamtha C-38/21, C-47/21 agus C-232/21

VK
v
BMW Bank GmbH,

F.F.
v
C. Bank AG

CR agus páirtithe eile
v
Volkswagen Bank GmbH
agus
Audi Bank

(Iarrataí ar réamhrialú ó Landgericht Ravensburg)

Breithiúnas na Cúirte Bhreithiúnas (an Mór-Dhlísheomra) an 21 Nollaig 2023

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Conradh léasaithe a bhaineann le mótarfheithicil gan oibleagáid cheannaigh – Treoir 2008/48/CE – Airteagal 2(2)(d) – Coincheap conartha léasaithe gan aon oibleagáid ábhar an chonartha a cheannach – Treoir 2002/65/CE – Airteagal 1(1) agus Airteagal 2(b) – Coincheap an chonartha seirbhísí airgeadais – Treoir 2011/83/AE – Airteagal 2(6) agus Airteagal 3(1) – Coincheap an chonartha seirbhíse – Airteagal 2(7) – Coincheap an chianchonartha – Airteagal 2(8) – Coincheap an chonartha seacháitribh – Airteagal 16(1) – Eisceacht ón gceart chun tarraingt siar chun seirbhísí carranna ar cíos a sholáthar – Comhaontú creidmheasa maidir le mótarfheithicil a cheannach – Treoir 2008/48 – Airteagal 10(2) – Ceanglais a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le háireamh sa chonradh – Toimhde go gcomhlíontar an oibleagáid tuairiscithe agus teimpléad tuairiscithe rialála á úsáid – Níl aon éifeacht dhíreach chothrománach ag treoir – Airteagal 14(1) – Ceart chun tarraingt siar – Tús na tréimhse tarraingthe siar i gcás faisnéis neamhiomlán nó mhíchruinn – Cineál mí-úsáideach a bhaineann le feidhmiú an chirt chun tarraingt siar – Foriata an chirt chun tarraingt siar – Oibleagáid an fheithicil a thabhairt ar ais roimh ré i gcás fheidhmiú an chirt chun tarraingt siar ó chomhaontú creidmheasa nasctha)

1. *Cosaint tomhaltóirí – Comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí – Treoir 2008/48 – Cianmhargú seirbhísí airgeadais – Treoir 2002/65 – Raon feidhme – Conradh léasaithe a bhaineann le mótarfheithicil gan oibleagáid cheannaigh – Eisiámh (Teoracha ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 2002/65, Airteagal 1(1) agus Airteagal 2(b), agus 2008/48, Airteagal 2(d))*

(féach míreanna 131-135, 137-151, 156, an chuid oibríochtúil 1)

2. *Cosaint tomhaltóirí – Conarthaí tomhaltóirí – Treoir 2011/83 – Conradh seirbhíse – Coincheap – Conradh léasaithe a bhaineann le mótarfheithicil gan oibleagáid cheannaigh – Cuimsiú*
(*Treoir 2011/83 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 2(6) agus Airteagal 3(1)*)

(féach míreanna 153-156, mír 1 den chuid oibríochtúil)

3. *Cosaint tomhaltóirí – Conarthaí tomhaltóirí – Treoir 2011/83 – Cianchonradh – Coincheap – Conradh seirbhíse maidir le léasú feithicle gan oibleagáid cheannaigh – Conradh arna thabhairt i gcrích trí mhodh cianchumarsáide – Céim chaibidlíochta conartha i láithreach fhisiceach an tomhaltóra agus idirghabhálaí an trádálaí – Comhlíonadh, ag an trádálaí, a oibleagáid tuairiscithe – Eisiamh*
(*Treoir 2011/83 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 2(7)*)

(féach míreanna 164-167, 170-173, mír 2 den chuid oibríochtúil)

4. *Cosaint tomhaltóirí – Conarthaí tomhaltóirí – Treoir 2011/83 – Conartha seacháitribh – Coincheap – Conradh seirbhíse maidir le léasú feithicle gan oibleagáid cheannaigh – Conradh arna thabhairt i gcrích trí mhodh cianchumarsáide – Láithreach fhisiciúil an tomhaltóra i mbunaíocht tráchtála idirghabhálaí an trádálaí a oibríonn i réimse gníomhaíochta eile seachas réimse gníomhaíochta an trádálaí – Eisiamh – Coinníollacha*
(*Treoir 2011/83 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 2(8)(a)*)

(féach míreanna 177-183, mír 3 den chuid oibríochtúil)

5. *Cosaint tomhaltóirí – Conarthaí tomhaltóirí – Treoir 2011/83 – Ceart chun tarraingt siar – Eisceachtaí – Seirbhísí carranna ar cíós a sholáthar a bhfuil dáta sonracha nó tréimhse shonrach feidhmíochta acu – Conradh seirbhíse maidir le léasú feithicle gan oibleagáid cheannaigh – Príomhchuspóir – Úsáid na feithicle ag an tomhaltóir le linn tréimhse shonrach feidhmíochta, mar mhalairt ar shuimeanna airgid – Cuimsiú*
(*Treoir 2011/83 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 16(1)*)

(féach míreanna 190-202, mír 4 den chuid oibríochtúil)

6. *Cosaint tomhaltóirí – Comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí – Treoir 2008/48 – Ceanglais maidir le faisnéis le bheith san áireamh sa chomhaontú – Ceart chun tarraingt siar – Rialachán náisiúnta lena mbunaítear toimhde dhlíthiúil maidir le comhlíonadh na hoibleagáide tuairiscithe a bhaineann leis an gceart sin agus teimpléad tuairiscithe rialála á úsáid – Neamh-inghlachtacht – Oibleagáid ar chúirt náisiúnta a éistean díospóid idir daoine aonair amháin, ar bhonn dhlí an Aontais amháin, reachtaíocht den sórt sin a dhífheidhmiú – Easpa – Ceart daoine aonair cúiteamh a lorg i leith damáiste a fulaingíodh as neamhchomhlíonadh an dlí náisiúnta le dlí an Aontais*
(*Treoir 2008/48 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 10(2)(p)*)

(féach míreanna 217, 219, 220, 224-230, mír 5 den chuid oibríochtúil)

7. *Cosaint tomhaltóirí – Comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí – Treoir 2008/48 – Ceanglais maidir le faisnéis le bheith san áireamh sa chomhaontú – Ceart chun tarraingt siar – Oibleagáid an méid úis laethúil a bheidh le híoc ag an tomhaltóir i gcás fheidhmiú an chirt sin a chur in iúl – Raon feidhme*
(Treoir 2008/48 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 10(2)p) agus Airteagal 14(3)(b))

(féach míreanna 233-240, mír 6 den chuid oibríochtúil)

8. *Cosaint tomhaltóirí – Comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí – Treoir 2008/48 – Ceanglais maidir le faisnéis le bheith san áireamh sa chomhaontú – Oibleagáid faisnéis riachtanach a bhaineann leis na nósanna imeachta gearáin nó sásaimh lasmuigh den chúirt atá ar fáil don tomhaltóir a chur in iúl go foirmiúil – Raon feidhme*
(Treoir 2008/48 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 10(2)(t))

(féach míreanna 243-246, mír 7 den chuid oibríochtúil)

9. *Cosaint tomhaltóirí – Comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí – Treoir 2008/48 – Ceanglais maidir le faisnéis le bheith san áireamh sa chomhaontú – Cúiteamh dlite i gcás aisíocaíocht luath – Oibleagáid an modh chun an cúiteamh sin a ríomh a chur in iúl ar bhealach nithiúil agus sothuigthe i gcás meántomhaltóir – Raon feidhme*
(Treoir 2008/48 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 10(2)(r))

(féach míreanna 250-256, mír 8 den chuid oibríochtúil)

10. *Cosaint tomhaltóirí – Comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí – Treoir 2008/48 – Ceanglais maidir le faisnéis le bheith san áireamh sa chomhaontú – Faisnéis neamhiomlán nó mícheart faighte ag an tomhaltóir – Coinníoll chun an tréimhse tarraingthe siar a chur i bhfeidhm – Ní dócha go gcuirfeadh cineál neamhiomlán nó mícheart na faisnéise an tomhaltóir ar míthreoir maidir le méid a gcearta agus a n-oibleagáidí*
(Treoir 2008/48 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 10(2) agus an dara fomhír d'Airteagal 14(1)(b))

(féach míreanna 263-267, mír 9 den chuid oibríochtúil)

11. *Cosaint tomhaltóirí – Comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí – Treoir 2008/48 – Ceanglais maidir le faisnéis le bheith san áireamh sa chomhaontú – Ráta úis ar íocaíocht dhéanach – Léiriú ar an ráta sin i bhfoirm céatadán sonrath agus ar an sásra chun an ráta sin a choigeartú – Léiriú ar an ráta tagartha agus minicíocht a mhodhnaithe ar an ráta úis ar íocaíocht dhéanach athraitheach – Raon feidhme*
(Treoir 2008/48 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 10(2)(l))

(féach míreanna 269-272, mír 10 den chuid oibríochtúil)

12. *Cosaint tomhaltóirí – Comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí – Treoir 2008/48 – Ceart chun tarraingt siar – An ceart sin a dhíothú maidir le lánfheidhmiú an chomhaontaithe creidmheasa*
(*Treoir 2008/48 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 14(1)*)

(féach míreanna 275-279, 292, mír 11 den chuid oibríochtúil)

13. *Cosaint tomhaltóirí – Comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí – Treoir 2008/48 – Ceanglais maidir le faisnéis le bheith san áireamh sa chomhaontú – Faisnéis neamhiomlán nó mícheart faighte ag an tomhaltóir – Faisnéis a chuir an tomhaltóir amú faoi mhéid a gcearta agus a n-oibleagáidí – Gan an tréimhse tarraingthe siar a spreagadh – Neamhláithreacht aon chineál mí-úsáideach maidir le feidhmiú an chirt chun tarraingt siar*
(*Treoir 2008/48 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 10(2) agus Airteagal 14(1)*)

(féach míreanna 280-284, 289-293, mír 11 den chuid oibríochtúil)

14. *Cosaint tomhaltóirí – Comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí – Treoir 2008/48 – Ceanglais maidir le faisnéis le bheith san áireamh sa chomhaontú – Faisnéis neamhiomlán nó mícheart faighte ag an tomhaltóir – Faisnéis a chuir an tomhaltóir amú faoi mhéid a gcearta agus a n-oibleagáidí – Gan an tréimhse tarraingthe siar a spreagadh – Ceart chun tarraingt siar arna fheidhmiú ag an tomhaltóir – Féidearthacht don chreidiúnaí pléadail go bhfuil cosc ama ar an gceart sin – Easpa – Coinníollacha*
(*Treoir 2008/48 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 10(2) agus Airteagal 14(1)*)

(féach míreanna 297-300, mír 12 den chuid oibríochtúil)

15. *Cosaint tomhaltóirí – Comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí – Treoir 2008/48 – Ceart chun tarraingt siar – Iarmhairtí tarraingt siar ó chomhaontú creidmheasa atá nasctha le Conradh chun earraí a sholáthar – Rialachán náisiúnta lena bhforáiltear don oibleagáid atá ar an tomhaltóir an t-earra arna mhaoiniú ag an gcreidmheas a thabhairt ar ais nó fógra a thabhairt don chreidiúnaí chun an t-earra sin a aisghabháil – Féidearthacht nach ndéanfaidh an creidiúnaí r na híocaíochtaí míosúla a d'íoc an tomhaltóir cheana féin a aisíoc, tráth a gcuirtear an t-earra sin ar ais – Neamh-inghlacthacht*
(*Treoir 2008/48 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 3(n) agus Airteagal 14(1)*)

(féach míreanna 303-308, mír 13 den chuid oibríochtúil)

Résumé

Tagann na trí chás uamtha chun cinn i gcomhthéacs roinnt díospóidí idir tomhaltóirí agus institiúidí airgeadais a bhfuil baint acu le déileálaithe gluaisteán maidir le bailíocht fheidhmiú a gceart chun tarraingt siar maidir le comhaontú léasaithe a bhaineann le mótarfheithicil gan oibleagáid í a cheannach (Cás C-38/21) agus roinnt comhaontuithe creidmheasa atá beartaithe chun ceannach mótarfheithicil athlámhe a mhaoiniú, faoi seach (Cásanna C-47/21 agus C-232/21).

I gCás C-38/21, thug VK cuairt ar áitreabh déileálaí bhanda gluaisteáin BMW i gcás inar thairg fostaí de chuid an déileálaí sin, ag gníomhú dó mar idirghabhálaí creidmheasa le haghaidh BMW Bank GmbH, mótarfheithicil faoi léasú dó agus inar chuir sé na gnéithe éagsúla den chineál sin comhaontaithe i láthair, amhail fad an léasa agus tráthchodanna míosúla. I mí na Samhna 2018, thug VK, trí bhíthin cianchumarsáide, comhaontú léasaithe i gcrích le BMW Bank maidir le mótarfheithicil lena húsáid go príobháideach. Faoin gcomhaontú sin, arna thabhairt i gcrích ar feadh 24 mhí agus bunaithe ar dheonú iasachta ó BMW Bank, ní raibh sé de cheangal ar VK an fheithicil a cheannach ag deireadh na tréimhse conarthaí. An 25 Meitheamh 2019, dúirt VK gur mhian leis tarraingt siar ón gconradh léasaithe. Bhí sé den tuairim nár thosaigh an tréimhse tarraingthe siar 14 lá a leagtar síos leis an dlí náisiúnta ag rith go fóill, toisc nach raibh an fhaisnéis ba cheart a bheith curtha ar fáil dó faoin dlí sin leordhóthanach agus doléite.

I gCásanna C-47/21 agus C-232/21, thug roinnt tomhaltóirí comhaontuithe iasachta i gcrích chun feithicilí paisinéirí athlámhe a cheannach lena n-úsáid go príobháideach. Le linn ullmhú agus thabhairt i gcrích na gcomhaontuithe sin, ghníomhaigh na déileálaithe gluaisteán ónar ceannaíodh na feithicilí mar idirghabhálaithe do C. Bank AG (Cás C-47/21) agus Volkswagen Bank GmbH agus Audi Bank (Cás C-232/21). Ina dhiaidh sin, tharraing na tomhaltóirí sin siar ó na comhaontuithe iasachta a tugadh i gcrích, agus d'iarr siad, go bunúsach, go n-aisíocfaí na tráthchodanna míosúla a íocadh suas go dtí dáta na tarraingthe siar. Dar leo, níor thosaigh an tréimhse tarraingthe siar 14 lá dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta ag rith fós ós rud é nár tarchuireadh an fhaisnéis a bhaineann leis an gceart chun tarraingt siar agus leis an bhfaisnéis éigeantach eile chucu go cuí.

Ina breithiúnas, arna thabhairt ag an Mór-Dhlísheomra, sonraíonn an Chúirt, i gcomhthéacs conartha chun mótarfheithicil a léasú gan aon oibleagáid ar an tomhaltóir í a cheannach, raon feidhme Threoir 2002/65,¹ Threoir 2008/48² agus Threoir 2011/83³ maidir le cosaint tomhaltóirí agus raon feidhme na gcoincheap “conradh seirbhíse”, “cianchonradh” agus “conradh seacháitribh” de réir bhrí na Treorach deiridh sin. Ina theannta sin, rialaíonn sí, i gcomhthéacs comhaontuithe creidmheasa, maidir le roinnt gnéithe d’oibleagáid creidiúnaithe faoi Threoir 2008/48 faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí a bhaineann, *inter alia*, leis an gceart chun tarraingt siar agus leis na hiarmhairtí a bhaineann le faisnéis mhícheart nó neamhiomlán a sholáthar maidir le feidhmiú an chirt sin. Thairis sin, déileálann an Chúirt, arís sa chomhthéacs sin agus faoin Treoir sin, leis an gceist maidir le mí-úsáid an chirt chun tarraingt siar ag an tomhaltóir agus leis an gceist an bhfuil cosc ama ar an gceart sin.

¹ Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2002 maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomhaltóirí agus lena leasaítear Treoir 90/619/CEE ón gComhairle agus Treoracha 97/7/CE agus 98/27/CE (IO 2002 L 271, lch. 16).

² Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO 2008 L 133, lch. 66).

³ Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2011 L 304, lch. 64).

Measúnú na Cúirte

Sa chéad áit, scrúdaíonn an Chúirt cineál comhaontaithe léasaithe a bhaineann le mótarfheithicil gan aon oibleagáid ar an tomhaltóir í a cheannach, i bhfianaise Threoir 2002/65, Threoir 2008/48 agus Threoir 2011/83.

Ar an gcéad dul síos, maidir le Treoir 2011/83, rialaíonn an Chúirt go dtagann comhaontú léasaithe a bhaineann le mótarfheithicil, arb é is príomhthréith dó nach bhforáiltear leis an gconradh sin ná le conradh ar leith go gceanglaítear ar an tomhaltóir an fheithicil a cheannach ar dhul in éag an chonartha, faoi raon feidhme na Treorach sin, mar “c[h]onradh seirbhíse” de réir bhrí Airteagal 2(6) de.⁴ Tá sainmhíniú leathan ar an gcoincheap sin agus ní mór a thuiscint go n-áirítear gach conradh nach dtagann faoin gcoincheap “conradh díolacháin”, dá bhforáiltear leis an Treoir chéanna.⁵ Sa chás seo, ní thagann conradh léasaithe trína ngeallann soláthróir feithicil a chur ar fáil do thomhaltóir mar mhalairt ar íocaíochtaí tráthchoda gan aon oibleagáid an fheithicil sin a cheannach ag deireadh an léasaithe faoin gcoincheap deiridh sin, ós rud é nach bhforáiltear ann d’aistriú úinéireachta na feithicle chuig an tomhaltóir. Ní thagann comhaontú léasaithe den sórt sin ach oiread faoi liosta na gconarthaí a eisiatar ó raon feidhme Threoir 2011/83.⁶

Ar an dara dul síos, measann an Chúirt nach dtagann comhaontú den sórt sin faoi raon feidhme Threoir 2008/48. Cé go dtagann sé faoin gcoincheap “léasú” dá bhforáiltear sa Treoir sin,⁷ eisiatar go sainráite é mar sin féin ó raon feidhme na Treorach sin ós rud é nach bhfuil aon oibleagáid ar an tomhaltóir ábhar an chonartha a cheannach ag deireadh an chonartha.

Ar an tríú dul síos, maidir le Treoir 2002/65, measann an Chúirt freisin nach dtagann comhaontú léasaithe a bhaineann le mótarfheithicil, arb é is príomhthréith leis go háirithe nach bhforáiltear sa chonradh sin ná i gconradh ar leith go gceanglaítear ar an tomhaltóir an fheithicil a cheannach ar dhul in éag an chonartha, faoi raon feidhme na Treorach sin. Cuireann an Chúirt in iúl, d’fhonn teacht faoina raon feidhme, nach mór gurb é is cuspóir do chomhaontú, *inter alia*, “seirbhís airgeadais”⁸ a sholáthar, amhail seirbhís a bhaineann le creidmheas. Cé gur fíor go n-áirítear gné chreidmheasa agus gné léasaithe araon i gcomhaontú léasaithe a bhaineann le mótarfheithicil gan oibleagáid í a cheannach, tugann an Chúirt dá haire nach féidir, go bunúsach, conradh den sórt sin a idirdhealú ó chomhaontú fadtéarmach cíosa feithicle. Ós rud é gurb é príomhábhar an chineáil sin comhaontaithe an fheithicil a léasú, ní féidir é a aicmiú mar chonradh seirbhíse airgeadais a bhaineann le creidmheas.

⁴ Faoi Airteagal 2(6) de Threoir 2011/83, ciallaíonn an téarma “conradh seirbhíse” “aon chonradh seachas conradh díolacháin faoina soláthraíonn an trádálaí seirbhís don tomhaltóir, nó faoina ngeallann sé seirbhís a sholáthar dó, agus faoina n-íocann an tomhaltóir praghas na seirbhíse sin nó faoina ngeallann sé an praghas sin a íoc”.

⁵ Faoi Airteagal 2(5) de Threoir 2011/83, sainmhínítear “conradh díolacháin” mar “aon chonradh faoina n-aistríonn an trádálaí úinéireacht na n-earraí chuig an tomhaltóir nó faoina ngeallann sé úinéireacht na n-earraí sin a aistriú chuig an tomhaltóir agus faoina n-íocann an tomhaltóir an praghas na n-earraí nó faoina ngeallann sé praghas na n-earraí a íoc, lena n-áirítear conarthaí a bhaineann le hearraí agus seirbhísí araon”.

⁶ Mar a fhoráiltear in Airteagal 3(3) de Threoir 2011/83.

⁷ De réir bhrí Airteagal 2(2)(d) de Threoir 2008/48.

⁸ Faoi Airteagal 2(b) de Threoir 2002/65, tagann “aon seirbhís a bhaineann le baincúireacht, creidmheas, árachas, pinsin phearsanta, infheistíochtaí agus íocaíochtaí” faoi choincheap na seirbhíse airgeadais.

Sa dara háit, i gcomhthéacs léiriú Threoir 2011/83 i ndáil le comhaontú léasaithe a bhaineann le mótarfheithicil gan aon oibleagáid ar an tomhaltóir í a cheannach, scrúdaíonn an Chúirt, ar dtús, na coincheapa “cianchonradh”⁹ agus “conradh seacháitribh”.¹⁰

Dá bhrí sin, sonraíonn an Chúirt, ar thaobh amháin, nach féidir conradh seirbhíse a tugadh i gcrích idir tomhaltóir agus trádálaí, trí bhíthin cianchumarsáide, a aicmiú mar “c[h]ianchonradh” i gcás inar tharla an chéim chaibidlíochta roimh an tabhairt i gcrích sin i láthair fhisiciúil chomhuaineach an tomhaltóra agus idirghabhálaí a bhí ag gníomhú in ainm nó thar ceann an trádálaí, a thug an fhaisnéis uile dá dtagraítear i dTreoir 2011/83¹¹ don tomhaltóir, rud a chuireann ar chumas an tomhaltóra ceisteanna a chur air faoin gconradh a bhí beartaithe nó faoin tairiscint a bhí beartaithe, chun aon éiginnteacht maidir le raon feidhme aon rannpháirtíochta conarthaí leis an trádálaí a dhíchur.

Ar an taobh eile, measann an Chúirt nach féidir conradh seirbhíse a tugadh i gcrích idir tomhaltóir agus trádálaí a aicmiú mar “c[h]onradh seacháitribh” más rud é, le linn na céime ullmhúcháin sula dtugtar i gcrích é trí bhíthin cianchumarsáide, gur thaistil an tomhaltóir chuig áitreabh gnó idirghabhálaí a bhí ag gníomhú in ainm nó thar ceann an trádálaí chun an conradh sin a chaibidliú, ach atá ag feidhmiú i réimse gníomhaíochta seachas an trádálaí sin, ar choinníoll go gcomhlíontar dhá choinníoll. Ní mór (1) go bhféadfadh an tomhaltóir, mar ghnáth-thomhaltóir, atá réasúnta maith ar an eolas agus réasúnta géarchúiseach agus cáiréiseach, a bheith ag súil leis, trí chuairt a thabhairt ar áitreabh gnó an idirghabhálaí, go bhféadfadh an tomhaltóir sin a bheith ina ábhar do shirtheoireacht tráchtála ag an trádálaí chun conradh seirbhíse a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích leis an trádálaí agus (2) go bhféadfadh sé a thuiscint go héasca go raibh an t-idirghabhálaí ag gníomhú in ainm an trádálaí nó thar a cheann.

Ar an dara dul síos, agus scrúdú á dhéanamh ar na heisceachtaí a leagtar síos in Airteagal 16 de Threoir 2011/83 nach bhfuil aon cheart chun tarraingt siar ag an tomhaltóir i gcásanna áirithe, measann an Chúirt go dtagann comhaontú léasaithe a bhaineann le mótarfheithicil a tugadh i gcrích idir trádálaí agus tomhaltóir agus a aicmítear mar chonradh cianseirbhíse nó mar chonradh seirbhíse seacháitribh de réir bhrí na Treorach sin faoin eisceacht a bhaineann le soláthar seirbhísí carranna ar cíos lena ngabhann dáta sonracha nó tréimhse shonrach feidhmíochta,¹² ós rud é gurb é príomhchuspóir conartha den sórt sin cead a thabhairt don tomhaltóir feithicil a úsáid don tréimhse shonrach i gcomaoin íocaíocht rialta suimeanna airgid dá bhforáiltear sa chonradh sin.. I ndáil leis sin, cuireann an Chúirt in iúl, ar an gcéad dul síos, gur féidir leis an téarma “sonrach” dá dtagraíonn an eisceacht sin conarthaí léasaithe fadtéarmacha a chumhdach freisin, amhail an comhaontú léasaithe 24 mhí sna príomhimeachtaí, ar choinníoll go sonraítear an tréimhse sin ar bhealach atá beacht go leor sa chonradh. Ar an taobh eile, tugann an Chúirt dá haire, i gcomhthéacs comhaontaithe léasaithe a bhaineann le feithicil a ceannaíodh go sonracha arna iarraidh sin don tomhaltóir chun sonraíochtaí an tomhaltóra a chomhlíonadh, go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag an trádálaí, dá ndeonófaí ceart chun tarraingt siar don tomhaltóir, an fheithicil a ath-leithdháileadh. Mar gheall ar na sonraíochtaí sin

⁹ Faoi Airteagal 2(7) de Threoir 2011/83, áirítear leis an gcoincheap sin “aon chonradh arna thabhairt i gcrích idir an trádálaí agus an tomhaltóir, faoi chianscéim eagraithe díolacháin nó soláthair seirbhíse, gan láithreach fhisiciúil chomhuaineach an trádálaí agus an tomhaltóra, trí úsáid eisiach a bhaint as modh cianchumarsáide amháin nó níos mó, suas go dtí an t-am a tugadh an conradh i gcrích, agus an t-am a tugadh an conradh i gcrích san áireamh”.

¹⁰ Faoi Airteagal 2(8) de Threoir 2011/83, cumhdaítear leis an gcoincheap sin “aon chonradh idir an trádálaí agus an tomhaltóir a chur i gcrích i láthair fhisiciúil chomhuaineach an trádálaí agus an tomhaltóra, in áit nach áit ghnó an trádálaí é”.

¹¹ Go háirithe in Airteagal 6 de Threoir 2011/83.

¹² Baineann Airteagal 16(l) de Threoir 2011/83 leis an eisceacht a bhaineann le “soláthar seirbhísí cóiríochta seachas chun críocha cónaithe, iompar earraí, carr ar cíos, lónadóireacht nó seirbhísí a bhaineann le gníomhaíochtaí fóillíochta má dhéantar foráil sa chonradh do dháta nó do thréimhse shonrach feidhmíochta”.

go háirithe, d'fhéadfadh sé nach n-éireodh leis an trádálaí, laistigh de thréimhse réasúnta tar éis fheidhmiú an chirt tarraingt siar, an fheithicil a shannadh d'úsáid choibhéiseach eile ar feadh na tréimhse a chomhfhreagraíonn d'fhad an léasaithe dá bhforáiltear i dtosach, gan dochar suntasach eacnamaíoch a dhéanamh.

Sa tríú háit, i gcomhthéacs léiriú Threoir 2008/48, measann an Chúirt, ar an gcéad dul síos, go dtagann na comhaontuithe iasachta sin chun feithiclí paisinéirí athláimhe a cheannach lena n-úsáid go príobháideach, atá faoi shaincheist i gCásanna C-47/21 agus C-232/21, faoi raon feidhme Threoir 2008/48 mar chomhaontuithe creidmheasa.¹³

Ina dhiaidh sin, sonraíonn an Chúirt raon feidhme oibleagáid an trádálaí maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar i gcomhaontuithe creidmheasa a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin¹⁴ agus, go háirithe, a oibleagáid tuairiscithe maidir leis an gceart chun tarraingt siar.¹⁵ Mar sin, rialaíonn an Chúirt go gcuirtear cosc leis an oibleagáid sin ar reachtaíocht náisiúnta lena mbunaítear toimhde dhlíthiúil go gcomhlíonann an trádálaí a oibleagáid an tomhaltóir a chur ar an eolas faoina cheart chun tarraingt siar, i gcás ina dtagraíonn sé, i gconradh, d'fhorálacha náisiúnta a thagraíonn iad féin do shamhail d'fhaisnéis rialála a bhaineann leis an gceart chun tarraingt siar, agus téarmaí atá sa tsamhail sin á n-úsáid aige nach gcomhlíonann ceanglais Threoir 2008/48.¹⁶ Mura féidir reachtaíocht náisiúnta den sórt sin a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach leis an Treoir sin, ní cheanglaítear ar chúirt náisiúnta a éistean díospóid idir daoine aonair amháin, ar bhonn dhlí an Aontais amháin, an reachtaíocht sin a dhífheidhmiú, gan dochar don fhéidearthacht atá ag an gcúirt neamhaird a thabhairt uirthi ar bhonn a dlí baile agus, ina éagmais sin, ar cheart an pháirtí a ndearnadh díobháil dó de dheasca neamh-chomhlíonadh an dlí náisiúnta le dlí an Aontais cúiteamh a lorg as an damáiste a d'fhulaing sí dá bharr sin.

Ar deireadh, rialaíonn an Chúirt maidir le gnéithe éagsúla a bhaineann leis an gceart chun tarraingt siar, dá bhforáiltear i dTreoir 2008/48.¹⁷

Ar an gcéad dul síos, sonraítear ann túsphointe na tréimhse tarraingthe siar. I ndáil leis sin, i gcás ina gcruthófar go bhfuil an fhaisnéis a chuir an creidiúnaí ar fáil don tomhaltóir faoin Treoir¹⁸ sin neamhiomlán nó mícheart, ní chuirfear tús leis an tréimhse 14 lá a leagtar síos le Treoir 2008/48 ach amháin más rud é nach dócha go ndéanfaidh cineál neamhiomlán nó mícheart na faisnéise sin difear do chumas an tomhaltóra measúnú a dhéanamh ar mhéid a chearta agus a oibleagáidí faoin Treoir sin ná ar a chinneadh an Conradh a thabhairt i gcrích agus, i gcás inarb iomchuí, nach bhféadfadh sé a chearta a fheidhmiú, go bunúsach, faoi na coinníollacha céanna a bheadh i bhfeidhm dá gcuirfí an fhaisnéis sin ar fáil ar bhealach iomlán cruinn. Ní féidir soláthar faisnéise neamhiomláine nó míchirte a ionannú le mainneachtain faisnéis a sholáthar ach amháin ar choinníoll go gcuirtear an tomhaltóir amú dá bhrí sin maidir lena chearta agus a oibleagáidí, agus, dá bhrí sin, go bhfuil Conradh tugtha i gcrích aige arbh fhéidir nach mbeadh tugtha i gcrích aige dá mbeadh an fhaisnéis iomlán agus cheart ar fad aige.

¹³ I gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Threoir 2008/48.

¹⁴ Mar a fhoráiltear in Airteagal 10(2) de Threoir 2008/48.

¹⁵ Leagtar síos le hAirteagal 10(2)(p) de Threoir 2008/48 oibleagáid a lua i gcomhaontuithe creidmheasa cibé acu is ann nó nach ann do cheart chun tarraingt siar, an tréimhse ar féidir an ceart sin a fheidhmiú lena linn agus coinníollacha eile lena rialaítear feidhmiú an chirt sin.

¹⁶ Airteagal 10(2)(p) de Threoir 2008/48.

¹⁷ Faoi Airteagal 14(1) de Threoir 2008/48, beidh tréimhse 14 lá féilire ag an tomhaltóir chun tarraingt siar as an gcomhaontú creidmheasa gan aon chúis a thabhairt.

¹⁸ Faoi Airteagal 10(2) de Threoir 2008/48.

Ar an dara dul síos, déanann an Chúirt anailís ar thionchar lán-chomhlíonadh comhaontaithe creidmheasa maidir leis an gceart tarraingt siar a choinneáil. Dá bhrí sin, measann sé go bhfuil díothú an chirt sin i gceist le lán-chomhlíonadh comhaontaithe den sórt sin. Ós rud é gurb ionann comhlíonadh conartha agus an sásra nádúrtha chun oibleagáidí conarthacha a mhúchadh, ní féidir le tomhaltóir a bheith ag brath a thuilleadh ar an gceart chun tarraingt siar a luaithé a bheidh an comhaontú creidmheasa comhlíonta ina iomláine ag na páirtithe agus, dá bhrí sin, tar éis deireadh a theacht leis na hoibleagáidí frithpháirteacha a eascraíonn as an gcomhaontú sin.

Ar an tríú dul síos, maidir leis an gceist faoi fheidhmiú a chirt tarraingt siar ag an tomhaltóir, chinn an Chúirt nach féidir leis an gcreidiúnaí a phléadáil go bailí, mar gheall ar iompar an tomhaltóra idir tabhairt i gcrích an chonartha agus feidhmiú an chirt tarraingt siar, gur bhain sé mí-úsáid as an gceart sin i gcás, mar gheall ar chineál neamhiomlán nó mícheart na faisnéise atá sa chomhaontú creidmheasa, de shárú ar Threoir 2008/48, nár cuireadh tús leis an tréimhse tarraingthe siar toisc go ndearna an cineál sin difear do chumas an tomhaltóra measúnú a dhéanamh ar mhéid a chearta agus a oibleagáidí faoin Treoir sin agus ar a chinneadh an comhaontú a thabhairt i gcrích.

Ar an gceathrú dul síos, agus rialú á dhéanamh ar cibé an d'fhéadfadh cosc ama a bheith ar an gceart chun tarraingt siar, tugann an Chúirt dá haire go gcuirtear cosc le Treoir 2008/48 ar an gcreidiúnaí a bheith in ann, i gcás ina bhfeidhmíonn an tomhaltóir a cheart chun tarraingt siar i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos leis an Treoir sin,¹⁹ a phléadáil go bhfuil cosc ama ar an gceart sin i gcás nach raibh ceann amháin ar a laghad den fhaisnéis éigeantach dá dtagraítear sa Treoir sin²⁰ san áireamh sa chomhaontú creidmheasa nó i gcás inar tháinig sé chun solais ar bhealach neamhiomlán nó mícheart gan é a bheith curtha in iúl go cuí ina dhiaidh sin agus, ar an gcúis sin, nár thosaigh an tréimhse tarraingthe siar. Ní dhéantar foráil i dTreoir 2008/48 maidir le haon teorainn ama ar fheidhmiú a chirt tarraingt siar ag an tomhaltóir sa chás a luaitear go díreach. Dá réir sin, ní féidir leis an reachtaíocht náisiúnta teorainn den sórt sin a fhorchur.

Ar an gcúigiú dul síos, scrúdaíonn an Chúirt éifeachtaí an chirt tarraingt siar. Dá bhrí sin, tugann sí faoi deara go gcuirtear cosc leis an gceart sin, arna léamh i gcomhar le prionsabal na héifeachtachta, ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás ina dtarraingeoidh an tomhaltóir siar ó chonradh creidmheasa nasctha,²¹ nach mór dó na hearraí a mhaoinítear leis an gcreidmheas a thabhairt ar ais don chreidiúnaí nó fógra foirmiúil a thabhairt dó chun an na hearraí sin a aisghabháil gan oibleagáid a bheith ar an gcreidiúnaí sin, ag an am céanna, tráthchodanna míosúla an chreidmheasa a d'íoc an tomhaltóir cheana a aisíoc. Faoi réir na bhfíoruithe atá le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur, tá rialacha nós imeachta náisiúnta lena gceanglaítear ar an iasachtaí a tharraingíonn siar na hearraí a mhaoinítear leis an gcreidmheas a thabhairt ar ais don chreidiúnaí nó fógra foirmiúil a bheith tugtha aige na hearraí sin a aisghabháil gan an creidiúnaí sin a bheith faoi cheangal ag oibleagáid aisíoc a dhéanamh ag an am céanna leis na tráthchodanna míosúla creidmheasa a íocadh cheana, de chineál ina bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair i gcleachtas an ceart chun tarraingt siar a fheidhmiú.

¹⁹ Mar a fhoráiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2008/48.

²⁰ Mar a fhoráiltear in Airteagal 10(2) de Threoir 2008/48.

²¹ De réir bhrí Airteagal 3(n) de Threoir 2008/48.